**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – PT Wilmar Bioenergi Indonesia agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás T-111/20)** [1]

***(Fóirdheontais – Allmhairí bithdhíosail de thionsnamh na hIndinéise – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2092 – Dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha – Airteagal 3(1)(a) de Rialachán (AE) 2016/1037 – Ranníocaíocht airgeadais – Airteagal 3(2) de Rialachán 2016/1037 – Buntáiste – Airteagal 7(1)(a) de Rialachán 2016/1037 – Méid an fhóirdheontais in-fhrithchúitithe a ríomh – Pointe 1(a)(iv) agus pointe 2 d'Airteagal 3 de Rialachán 2016/1037 – Gníomh comhdhéanta de comhlacht príobháideach a choimisiúnú chun feidhm ranníocaíochta airgeadais a chomhlíonadh, nó é a ordú lena dhéanamh – Luach saothair nach leordhóthanach – Tacaíocht ioncaim nó praghais – Airteagal 28(5) de Rialachán 2016/1037 – Úsáid na sonraí atá ar fáil – Airteagail 3(2) agus 6(d) de Rialachán 2016/1037 – Buntáiste – Airteagal 8(8) de Rialachán 2016/1037 – Baol díobhála ábhartha do thionscal an Aontais – Airteagal 8(5) agus (6) de Rialachán 2016/1037 – Nasc cúisíoch – Anailís aitreabúideachta – Anailís neamh-aitreabúideachta)***

(2023/C 63/37)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóirí:* PT Wilmar Bioenergi Indonesia (Medan, an Indinéis), PT Wilmar Nabati Indonesia (Medan), PT Multi Nabati Sulawesi (Sulawesi Thuaidh, an Indinéis) (ionadaithe: P. Vander Schueren agus T. Martin-Brieu, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: P. Kienapfel, G. Luengo agus P. Němečková, Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir:* Bord Bithdhíosail na hEorpa (EBB) (an Bhruiséil, an Bheilg) (ionadaithe: M.-S. Dibling agus L. Amiel, Dlíodóirí)

### Ábhar

Trína gcaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go gcuirfí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2092 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019, lena bhforchuirtear dleachteanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí bithdhíosail de thionsnamh na hIndinéise (IO 2019 L 317, lch. 42), a mhéid a bhaineann an rialachán sin leo, ar neamhní.

### An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do PT Wilmar Bioenergi Indonesia, PT Wilmar Nabati Indonesia agus PT Multi Nabati Sulawesi na costais a íoc.

[1] IO C 129, 20.4.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Autoridad Portuaria de Bilbao v an Coimisiún**

**(Cás T-126/20)** [1]

***(Státchabhair – Earnáil na gcalafort – Scéim díolúine ó cháin chorparáide arna cur chun feidhme ag an Spáinn i bhfabhar calafort i gcúige na Bioscáine – Cinneadh lena ndearbhaítear go bhfuil an státchabhair ar neamhréir leis an margadh inmheánach – Cabhair atá ann cheana – Buntáiste – Dualgas cruthúnais – Cineál roghnaitheach – Éifeacht ar thrádáil idir na Ballstáit – Saobhadh iomaíochta – Bearta iomchuí)***

(2023/C 63/38)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Autoridad Portuaria de Bilbao (Bilbao, an Spáinn) (ionadaithe: D. Sarmiento Ramírez-Escudero agus X. Codina García-Andrade, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaí: B. Stromsky, Gníomhaire)

**Maidir le**

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar neamhní, ar an gcéad dul síos, Cinneadh C(2018) 8676 final ón gCoimisiún Eorpach an 8 Eanáir 2019 maidir le Státchabhair SA.38397 (2018/E) – Cánachas ar chalafoirt sa Spáinn, inar chinn an Coimisiún gurb ionannan státchabhair i bhfoirm díolúintí ó cháin chorparáideach arna ndeonú ag Ríocht na Spáinne dá húdaráis chalafoirt agus cabhair atá ann cheana atá ar neamhréir leis an margadh inmheánach agus inar mhol sé "bearta iomchuí" i gcomhréir le hAirteagal 108(1) CFAE, ar an dara dul síos, Cinneadh C(2019) 1765 final ón gCoimisiún an 7 Márta 2019 maidir le Státchabhair SA.38397 (2018/E) – Cánachas ar chalafoirt sa Spáinn, lenar cheartaigh an Coimisiún a thogra le haghaidh bearta iomchuí, agus, ar an tríú dul síos, Cinneadh C(2019) 8068 final ón gCoimisiún an 15 Samhain 2019 maidir le Státchabhair SA.38397 (2018/E) – Díolúine ó cháin chorparáideach is infheidhme maidir le húdaráis chalafoirt sa Spáinn – Cinneadh glacadh na mbeart iomchuí atá beartaithe (cabhair atá ann cheana féin) a thaifeadadh, i gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 108 CFAE (IO 2015 L 248, lch. 9), lenar thug an Coimisiún dá aire gur ghlac Ríocht na Spáinne leis na bearta iomchuí arna moladh.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Autoridad Portuaria de Bilbao na costais a íoc.

([1]) IO C 129, 20.4.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – PT Ciliandra Perkasa v an Coimisiún**

**(Cás T-138/20)** ([1])

***(Fóirdheontais – Allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hIndinéise – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2092 – Dleacht frithchúitimh chinntitheach – Airteagal 8(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2016/1037 – Sladghearradh praghsanna – Brú praghsanna – Airteagal 8(5) de Rialachán 2016/1037 – Nasc cúisíoch – Airteagal 3(2) agus Airteagal 6(d) de Rialachán 2016/1037 – Sochar – Airteagal 3(1)(a)(i) agus (2) de Rialachán 2016/1037 – Aistriú díreach cistí – Airteagal 7 de Rialachán 2016/1037 – Méid an tsochair a ríomh – Airteagal 8(1) agus (8) de Rialachán 2016/1037 – Bagairt díobhála ábhartha – Cearta na cosanta)***

(2023/C 63/39)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* PT Ciliandra Perkasa (Iacárta Thiar, an Indinéis) (ionadaithe: F. Graafsma, J. Cornelis agus E. Rogiest, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: P. Kienapfel, G. Luengo agus P. Němečková, Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir:* European Biodiesel Board (EBB) (an Bhruiséil, an Bheilg) (ionadaithe: M.-S. Dibling agus L. Amiel, Dlíodóirí)

**Maidir le**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2092 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hIndinéise (IO 2019 L 317, lch. 42) a neamhniú, a mhéid a bhaineann an Rialachán sin leis.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do PT Ciliandra Perkasa na costais a íoc.

([1]) IO C 129, 20.4.2020.